Eagrán Speisialta *
20 Márta 2020

# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

An t-eagrán Gaeilge

## Reachtaíocht

Clár

II *Gníomhartha neamhreachtacha*

RIALACHÁIN

★ **Rialachán cur chun feidhme (AE) 2020/415 ón gComhairle an 19 Márta 2020 lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe a dhírítear i gcoinne daoine atá ag gníomhú de shárú ar an lánchosc arm maidir le Poblacht Dhaonlathach an Chongó** ..... 1

★ **Rialachán cur chun feidhme (AE) 2020/416 ón gComhairle an 19 Márta 2020 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 270/2011 maidir le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Éigipt** ..... 3

CINNTÍ

★ **Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2020/417 ón gComhairle an 19 Márta 2020 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2010/788/CBES maidir le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht Dhaonlathach an Chongó** ..... 9

★ **Cinneadh (CBES) 2020/418 ón gComhairle an 19 Márta 2020 lena leasaítear Cinneadh 2011/172/CBES maidir le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Éigipt** ..... 11

**Ceartúchán**

★ **Ceartúchán ar Threoir (AE) 2019/771 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le conarthaí i ndáil le díolacháin earraí, lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2394 agus Treoir 2009/22/CE, agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/44/CE** (IO L 136, 22.5.2019) ..... 18

GA

* Faoin tagairt L 86 a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2020/415 ÓN GCOMHAIRLE

**an 19 Márta 2020**

**lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe a dhírítear i gcoinne daoine atá ag gníomhú de shárú ar an lánchosc arm maidir le Poblacht Dhaonlathach an Chongó**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 ón gComhairle an 18 Iúil 2005 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe a dhírítear i gcoinne daoine atá ag gníomhú de shárú ar an lánchosc arm maidir le Poblacht Dhaonlathach an Chongó ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(5) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ar an 18 Iúil 2005, ghlac an Chomhairle Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005.

(2) Ar an 25 Feabhra 2020, rinne Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, arna bhunú de bhun Rún 1533 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, an fhaisnéis a nuashonrú maidir le duine amháin atá faoi réir bearta sriantacha.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear leis seo Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Márta 2020.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
A. METELKO-ZGOMBIĆ

---

([1]) IO L 193, 23.7.2005, lch. 1.

*IARSCRÍBHINN*

I gCuid (a) (Liosta na ndaoine dá dtagraítear in Airteagail 2 agus 2a) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 16:

**"16. Ignace** MURWANASHYAKA

(*ailias*: Dr Ignace)

Teideal: Dr.

Ainmniú: Uachtarán ar Fhórsaí Daonlathacha na Saoirse i Ruanda (FDLR)

Seoladh: an Ghearmáin (i bpríosún)

Dáta breithe: 14 Bealtaine 1963

Áit bhreithe: a) Butera, Ruanda b) Ngoma, Butare, Ruanda

Náisiúntacht: Ruanda

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 1 Samhain 2005

Faisnéis eile: Fuair sé bás i bpríosún sa Ghearmáin an 16 Aibreán 2019. Ghabh údaráis na Gearmáine é an 17 Samhain 2009 agus fuair cúirt sa Ghearmáin ciontach é an 28 Meán Fómhair 2015 i gceannaireacht ar ghrúpa sceimhlitheoireachta iasachta agus i gcuidiú le coireanna cogaidh. Gearradh téarma príosúin 13 bliana air agus bhí sé i bpríosún sa Ghearmáin ó mhí an Mheithimh 2016 ar aghaidh. Atoghadh ina uachtarán ar FDLR é an 29 Samhain 2014 ar feadh téarma cúig bliana. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL — Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individuals.

*Faisnéis bhreise ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:*

Bhí Ignace Murwanashyaka ina uachtarán ar FDLR, agus d'imir sé tionchar ar bheartais FDLR, ceann de ghrúpaí agus mílístí armtha dá dtagraítear i mír 20 de Rún 1493 (2003), a bhí páirteach i ngáinneáil ar airm, de shárú ar an trádbhac arm. Bhíodh teagmháil teileafóin aige le ceannasaithe míleata FDLR (lena n-áirítear le linn shléacht Busurungi i mí na Bealtaine 2009); thugadh sé orduithe míleata do na hardcheannairí; bhí sé páirteach i gcomhordú an aistrithe arm agus armlóin chuig aonaid FDLR agus treoracha sonracha maidir lena n-úsáid a sheoladh ar aghaidh; agus bhainistigh sé suimeanna móra airgid a tiomsaíodh trí acmhainní nádúrtha a dhíol go haindleathach i limistéir a bhí faoi rialú FDLR. De réir Oifig Ionadaí Speisialta Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe maidir le Leanaí agus Coinbhleacht Armtha, bhí sé freagrach, ina cháil mar uachtarán agus ceannasaí míleata ar FDLR, as leanaí a earcú agus a úsáid ag FDLR in Oirthear an Chongó. Ghabh údaráis na Gearmáine é an 17 Samhain 2009 agus fuair cúirt sa Ghearmáin ciontach é an 28 Meán Fómhair 2015 i gceannaireacht ar ghrúpa sceimhlitheoireachta iasachta agus i gcuidiú le coireanna cogaidh. Gearradh téarma príosúin 13 bliana air agus bhí sé i bpríosún sa Ghearmáin ó mhí an Mheithimh 2016 ar aghaidh. Atoghadh ina uachtarán ar FDLR é an 29 Samhain 2014 ar feadh téarma 5 bliana."

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2020/416 ÓN gCOMHAIRLE

## an 19 Márta 2020

## lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 270/2011 maidir le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Éigipt

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 270/2011 ón gComhairle an 21 Márta 2011 maidir le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Éigipt ([1]), agus go háirithe Airteagal 12(4) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ar an 21 Márta 2011, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 270/2011.

(2) In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 270/2011, ba cheart na hiontrálacha a bhaineann le beirt i gcuid A atá ar an liosta a leasú, agus ba cheart an fhaisnéis a bhaineann leis na cearta chun cosanta agus leis an gceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil i gcuid B, a thabhairt cothrom le dáta.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 270/2011 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 270/2011 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Márta 2020.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

A.METELKO-ZGOMBIĆ

---

([1]) OI L 76, 22.3.2011, lch. 4.

*IARSCRÍBHINN*

I. I gcuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 270/2011, cuirtear an méid a leanas in ionad iontrálacha 1 agus 4:

| | | | |
|---|---|---|---|
| "1. | Mohamed Hosni Elsayed Mubarak | Iar-Uachtarán Phoblacht Arabach na hÉigipte<br>Dáta breithe: 4.5.1928<br>Fireann | Duine (básaithe) a bhfuil a ghníomhaíochtaí faoi réir imeachtaí breithiúnacha nó próiseas aisghabhála sócmhainní arna gcur i gcríoch ag údaráis na hÉigipte ag eascairt as rialú críochnaitheach cúirte i ndáil le míleithreasú cistí stáit ar bhonn Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an éillithe. |
| 4. | Heidy Mahmoud Magdy Hussein Rasekh<br>(a.k.a Heddy Mohamed Magdy Hussein Rassekh) | Céile Alaa Mohamed Elsayed Mubarak, mac iar-Uachtarán Phoblacht Arabach na hÉigipte<br>Dáta breithe: 5.10.1971<br>Baineann | Duine í atá faoi réir imeachtaí breithiúnacha nó faoi réir próiseas aisghabhála sócmhainní arna chur i gcríoch ag údaráis na hÉigipte ag eascairt as rialú críochnaitheach cúirte i ndáil le míleithreasú Cistí Stáit ar bhonn Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an éillithe, agus atá bainteach le Alaa Mohamed Hosni Elsayed Mubarak.". |

II. Cuirtear an méid a leanas in ionad chuid B d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 270/2011:

"B. Cearta chun cosanta agus ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil faoi dhlí na hÉigipte:

Na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil

Leanann as Airteagail 54, 97 agus 98 de Bhunreacht na hÉigipte, as Airteagail 77, 78, 124, 199, 214, 271, 272 agus 277 de Ghníomh na hÉigipte um Nósanna Imeachta Coiriúla agus as Airteagail 93 agus 94 de Ghníomh na hÉigipte um Abhcóideacht (Dlí Uimh 17 ón mbliain 1983) go ráthaítear na cearta seo a leanas faoi dhlí na hÉigipte:

— d'aon duine aonair a bhfuil drochamhras ann faoi i dtaobh chion coiriúil nó a chúisítear i gcion coiriúil:

1. an ceart chun athbhreithniú breithiúnach a fháil ar aon ghníomh nó ar aon chinneadh riaracháin;

2. an ceart chun é/í féin a chosaint i bpearsan nó trí chabhair dhlíthiúil dá rogha féin nó, mura bhfuil sé/sí acmhainn leordhóthanach aige nó aici chun íoc as cabhair dhlíthiúil, an méid sin a fháil in aisce nuair is gá sin ar mhaithe leis an gceartas;

— d'aon duine aonair a chúisítear i gcion coiriúil:

1. an ceart go n-inseofar gan mhoill dó/di, i dteanga a thuigfidh sé/sí agus go mionchruinn, cineál agus cúis an chúisimh ina choinne nó ina coinne;

2. an ceart chun a leordhóthain ama agus saoráidí a bheith aige/aici chun a chosaint nó a cosaint a ullmhú;

3. an ceart chun finnéithe ina choinne nó ina coinne a cheistiú nó a chur á gceistiú agus finnéithe thar a cheann nó a ceann a thabhairt i láthair agus a cheistiú faoi na coinníollacha céanna a bhainfidh le finnéithe ina choinne nó ina coinne;

4. an ceart chun cabhair ateangaire a fháil in aisce mura féidir leis/léi an teanga a úsáidtear sa chúirt a thuiscint nó a labhairt.

Cur i bhfeidhm na gceart chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil

1. Mohamed Hosni Elsayed Mubarak

Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh cearta cosanta Mohamed Hosni Elsayed Mubarak agus a cheart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí coiriúla ar ar bhraith an Chomhairle. Léirítear é sin go háirithe mar a leanas:

Cás

An 27 Meitheamh 2013, cúisíodh an tUasal Mubarak, agus beirt eile in éineacht leis, i míleithreasú cistí poiblí agus cuireadh tús leis an gcaingean dlí i gCúirt Choiriúil Chaireo an 17 Samhain 2013. An 21 Bealtaine 2014, chiontaigh an Chúirt sin an triúr cosantóirí. Rinne na cosantóirí agóid i gcoinne an bhreithiúnais sin os comhair na Cúirte Achomhairc. An 13 Eanáir 2015, neamhnigh an Chúirt Achomhairc an fíorasc agus d'ordaigh atriail. Agus an atriail ar siúl, an 4 agus an 29 Aibreán 2015, tíolacadh pléadálacha ó bhéal agus i scríbhinn ó na páirtithe. An 9 Bealtaine 2015, chiontaigh Cúirt Choiriúil Chaireo na cosantóirí, d'ordaigh go dtabharfaí na cistí míleithreasaithe ar ais agus d'ordaigh go n-íocfaí fíneáil. An 24 Bealtaine 2015, taisceadh achomharc sa Chúirt Achomhairc. An 9 Eanáir 2016, sheas an Chúirt Achomhairc leis na ciontuithe. An 8 Márta 2016, tháinig na cosantóirí ar réiteach i dtionól an Choiste Saineolaithe a bunaíodh le Foraithne Uimh. 2873 na bliana 2015 ón bPríomh-Aire. D'fhormheas Oifig na nAirí an socrú sin an 9 Márta 2016. Níor chuir an tArd-Ionchúisitheoir an socrú sin faoi bhráid na Cúirte Achomhairc le haghaidh formheasa deiridh toisc nárbh é an Coiste Saineolaithe an coiste inniúil. Tá sé de rogha ag na cosantóirí iarraidh ar shocraíocht a chur faoi bhráid an choiste inniúil, an Choiste Náisiúnta um Aisghabháil Sócmhainní Lonnaithe Thar Lear. I mí an Mhárta 2019, aisghabhadh méid na fíneála. Tá an tsuim atá le haisíoc á haisghabháil faoi láthair trí iarrataí ar chúnamh dlíthiúil frithpháirteach atá á gcur ag údaráis na hÉigipte ar dhá thríú tír.

2. Suzanne Saleh Thabet

Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh cearta cosanta Thabet agus a ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí coiriúla ar ar bhraith an Chomhairle. Léirítear é sin go háirithe mar a leanas:

Ordú reoite

An 28 Feabhra 2011, d'eisigh an tArd-Ionchúisitheoir ordú lena gcoisctear ar Thabet agus ar dhaoine eile a sócmhainní agus a gcistí a dhiúscairt i gcomhréir le Airteagal 208 bis/a de Ghníomh na hÉigipte um Nósanna Imeachta Coiriúla, lena gceadaítear don Ard-Ionchúisitheoir cosc ar an gcosantóir, ar a bhean chéile agus ar a leanaí a gcuid sócmhainní a dhiúscairt i gcás ina bhfuil aon amhras ann gur fáltais neamhdhleathacha

coireanna a rinne an cosantóir údar na sócmhainní sin. An 8 Márta 2011, sheas an Chúirt choiriúil inniúil leis an ordú coiscthe. De bhun dhlíthe Phoblacht Arabach na hÉigipte, tá sé de cheart ag cosantóirí agóid a dhéanamh in aghaidh rialú na cúirte ar an ordú coiscthe os comhair na cúirte céanna. Ní dhearna Thabet agóid in aghaidh rialú an 8 Márta 2011.

3. Alaa Mohamed Hosni Elsayed Mubarak

Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh cearta cosanta Alaa Mubarak agus a cheart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí coiriúla ar ar bhraith an Chomhairle. Léirítear é sin go háirithe mar a leanas:

Ordú reoite

An 28 Feabhra 2011, d'eisigh an tArd-Ionchúisitheoir ordú lena gcoisctear ar Alaa Mohamed Hosni Elsayed Mubarak agus ar dhaoine eile a sócmhainní agus a gcistí a dhiúscairt i gcomhréir le Airteagal 208 bis/a de Ghníomh na hÉigipte um Nósanna Imeachta Coiriúla, lena gceadaítear don Ard-Ionchúisitheoir cosc ar an gcosantóir, ar a bhean chéile agus ar a leanaí a gcuid sócmhainní a dhiúscairt i gcás ina bhfuil aon amhras ann gur fáltais neamhdhleathacha coireanna a rinne an cosantóir údar na sócmhainní sin. An 8 Márta 2011, sheas an Chúirt Choiriúil inniúil leis an ordú coiscthe. De bhun dhlíthe Phoblacht Arabach na hÉigipte, tá sé de cheart ag cosantóirí agóid a dhéanamh in aghaidh rialú na cúirte ar an ordú coiscthe os comhair na cúirte céanna. Ní dhearna Alaa Mubarak agóid in aghaidh rialú an 8 Márta 2011.

An chéad chás

Tarchuireadh an cosantóir, in éineacht le duine eile, chuig an gcúirt trialach (Cúirt Choiriúil Chaireo) an 30 Bealtaine 2012. Chuir an Chúirt sin an cás ar ais chuig an ionchúisitheoir poiblí an 6 Meitheamh 2013 go ndéanfaí tuilleadh imscrúduithe. Tar éis na himscrúduithe a thabhairt chun críche, tarchuireadh an cás chuig an gCúirt sin arís. Thug Cúirt Choiriúil Chaireo breithiúnas uaithi an 15 Meán Fómhair 2018 lena ndearna sí an méid seo a leanas: (i) d'iarr sí ar an gcoiste saineolaithe a bhí ceaptha aici tuarascáil saineolaithe a bhí curtha faoi bhráid na cúirte aici i mí Iúil 2018 a chomhlánú; (ii) d'ordaigh sí go ngabhfaí na cosantóirí; agus (iii) d'iarr sí go dtarchuirfí na cosantóirí chuig an gCoiste Náisiúnta um Aisghabháil Sócmhainní Thar Lear chun go bhféadfaí teacht ar réiteach. Rinne na cosantóirí agóid i gcoinne an ordaithe gabhála, agóid ar éirigh léi, agus, mar thoradh ar rún scaoilte an phainéil bhreithiúnaigh, tarchuireadh an cás chuig cúirt chuarda choiriúil eile le go n-athbhreithneofaí na tuillteanais, agus éigiontaíodh é an 22 Feabhra 2020. Ní rialú deiridh é sin agus féadfaidh an tIonchúisitheoir Poiblí achomharc a éileamh.

An dara cás

An 27 Meitheamh 2013, cúisíodh Alaa Mubarak, agus beirt eile in éineacht leis, i míleithreasú cistí poiblí agus cuireadh tús leis an gcaingean dlí i gCúirt Choiriúil Chaireo an 17 Samhain 2013. An 21 Bealtaine 2014, chiontaigh an Chúirt sin an triúr cosantóirí. Rinne na cosantóirí agóid i gcoinne an bhreithiúnais sin os comhair na Cúirte Achomhairc. An 13 Eanáir 2015, neamhnigh an Chúirt Achomhairc an fíorasc agus d'ordaigh atriail. Agus an atriail ar siúl, an 4 agus an 29 Aibreán 2015, tíolacadh pléadálacha ó bhéal agus i scríbhinn ó na páirtithe. An 9 Bealtaine 2015, chiontaigh Cúirt Choiriúil Chaireo na cosantóirí, d'ordaigh go dtabharfaí na cistí míleithreasaithe ar ais agus d'ordaigh go n-íocfaí fíneáil. An 24 Bealtaine 2015, taisceadh achomharc sa Chúirt Achomhairc. An 9 Eanáir 2016, sheas an Chúirt Achomhairc leis na ciontuithe. An 8 Márta 2016, tháinig na cosantóirí ar réiteach i dtionól an Choiste Saineolaithe a bunaíodh le Foraithne Uimh. 2873 na bliana 2015 ón bPríomh-Aire. D'fhormheas Oifig na nAirí an socrú sin an 9 Márta 2016. Níor chuir an tArd-Ionchúisitheoir an socrú sin faoi bhráid na Cúirte Achomhairc le haghaidh formheasa deiridh toisc nárbh é an Coiste Saineolaithe an coiste inniúil. Tá sé de rogha ag na cosantóirí iarraidh ar shocraíocht a chur faoi bhráid an choiste inniúil, an Choiste Náisiúnta um Aisghabháil Sócmhainní Lonnaithe Thar Lear. I mí an Mhárta 2019, aisghabhadh méid na fíneála. Tá an tsuim atá le haisíoc á haisghabháil faoi láthair trí iarrataí ar chúnamh dlíthiúil frithpháirteach atá á gcur ag údaráis na hÉigipte ar dhá thríú tír.

4. Heidy Mahmoud Magdy Hussein Rasekh

Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh cearta cosanta Heidy Rasekh agus a ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí coiriúla ar ar bhraith an Chomhairle. Léirítear é sin go háirithe mar a leanas:

Ordú reoite

An 28 Feabhra 2011, d'eisigh an tArd-Ionchúisitheoir ordú lena gcoisctear ar Rasekh agus ar dhaoine eile a sócmhainní agus a gcistí a dhiúscairt i gcomhréir le Airteagal 208 bis/a de Ghníomh na hÉigipte um Nósanna Imeachta Coiriúla, lena gceadaítear don Ard-Ionchúisitheoir cosc ar an gcosantóir, ar a céile agus ar a leanaí a gcuid sócmhainní a dhiúscairt i gcás ina bhfuil aon amhras ann gur fáltais neamhdhleathacha coireanna a rinne an cosantóir údar na sócmhainní sin. An 8 Márta 2011, sheas an Chúirt Choiriúil inniúil leis an ordú

coiscthe. De bhun dhlíthe Phoblacht Arabach na hÉigipte, tá sé de cheart ag cosantóirí agóid a dhéanamh in aghaidh rialú na cúirte ar an ordú coiscthe os comhair na cúirte céanna. Ní dhearna Rasekh agóid in aghaidh rialú an 8 Márta 2011.

5. Gamal Mohamed Hosni Elsayed Mubarak

Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh cearta cosanta Gamal Mubarak agus a cheart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí coiriúla ar ar bhraith an Chomhairle. Léirítear é sin go háirithe mar a leanas:

Ordú reoite

An 28 Feabhra 2011, d'eisigh an tArd-Ionchúisitheoir ordú lena gcoisctear ar Gamal Mubarak agus ar dhaoine eile a sócmhainní agus a gcistí a dhiúscairt i gcomhréir le Airteagal 208 bis/a de Ghníomh na hÉigipte um Nósanna Imeachta Coiriúla, lena gceadaítear don Ard-Ionchúisitheoir cosc ar an gcosantóir, ar a bhean chéile agus ar a leanaí a gcuid sócmhainní a dhiúscairt i gcás ina bhfuil aon amhras ann gur fáltais neamhdhleathacha coireanna a rinne an cosantóir údar na sócmhainní sin. An 8 Márta 2011, sheas an Chúirt choiriúil inniúil leis an ordú coiscthe. De bhun dhlíthe Phoblacht Arabach na hÉigipte, tá sé de cheart ag cosantóirí agóid a dhéanamh in aghaidh rialú na cúirte ar an ordú coiscthe os comhair na cúirte céanna. Ní dhearna Gamal Mubarak agóid in aghaidh rialú an 8 Márta 2011.

An chéad chás

Tarchuireadh Gamal Mubarak, in éineacht le duine eile, chuig an chúirt trialach (Cúirt Choiriúil Chaireo) an 30 Bealtaine 2012. Chuir an Chúirt an cás ar ais chuig an ionchúisitheoir poiblí an 6 Meitheamh 2013 le go ndéanfaí tuilleadh imscrúduithe. Tar éis na himscrúduithe a thabhairt chun críche, tarchuireadh an cás chuig an gcúirt arís. Thug Cúirt Choiriúil Chaireo breithiúnas uaithi an 15 Meán Fómhair 2018; lena ndearna sí an méid seo a leanas: (i) d'iarr sí ar an gcoiste saineolaithe a bhí ceaptha aici tuarascáil saineolaithe, a bhí curtha faoi bhráid na cúirte aici i mí Iúil 2018, a chomhlánú; (ii) d'ordaigh sí go ngabhfaí na cosantóirí; agus (iii) d'iarr sí go dtarchuirfí na cosantóirí chuig an gCoiste Náisiúnta um Aisghabháil Sócmhainní Thar Lear chun go bhféadfaí teacht ar réiteach. Rinne na cosantóirí agóid i gcoinne an ordaithe gabhála, agóid ar éirigh léi, agus, mar thoradh ar rún scaoilte an phainéil bhreithiúnaigh, tarchuireadh an cás chuig cúirt chuarda choiriúil eile le go n-athbhreithneofaí na tuillteanais, agus éigiontaíodh é an 22 Feabhra 2020. Ní rialú deiridh é sin agus féadfaidh an tIonchúisitheoir Poiblí achomharc a éileamh.

An dara cás

An 27 Meitheamh 2013, cúisíodh Gamal Mubarak, agus beirt eile in éineacht leis, i míleithreasú cistí poiblí agus cuireadh tús leis an gcaingean dlí i gCúirt Choiriúil Chaireo an 17 Samhain 2013. An 21 Bealtaine 2014, chiontaigh an Chúirt sin an triúr cosantóirí. Rinne na cosantóirí agóid i gcoinne an bhreithiúnais sin os comhair na Cúirte Achomhairc. An 13 Eanáir 2015, neamhnigh an Chúirt Achomhairc an fíorasc agus d'ordaigh atriail. Agus an atriail ar siúl, an 4 agus an 29 Aibreán 2015, tíolacadh pléadálacha ó bhéal agus i scríbhinn ó na páirtithe. An 9 Bealtaine 2015, chiontaigh Cúirt Choiriúil Chaireo na cosantóirí, d'ordaigh go dtabharfaí na cistí míleithreasaithe ar ais agus d'ordaigh go n-íocfaí fíneáil. An 24 Bealtaine 2015, taisceadh achomharc sa Chúirt Achomhairc. An 9 Eanáir 2016, sheas an Chúirt Achomhairc leis na ciontuithe. An 8 Márta 2016, tháinig na cosantóirí ar réiteach i dtionól an Choiste Saineolaithe a bunaíodh le Foraithne Uimh. 2873 na bliana 2015 ón bPríomh-Aire. D'fhormheas Oifig na nAirí an socrú sin an 9 Márta 2016. Níor chuir an tArd-Ionchúisitheoir an socrú sin faoi bhráid na Cúirte Achomhairc le haghaidh formheasa deiridh toisc nárbh é an Coiste Saineolaithe an coiste inniúil. Tá sé de rogha ag na cosantóirí iarraidh ar shocraíocht a chur faoi bhráid an choiste inniúil, an Choiste Náisiúnta um Aisghabháil Sócmhainní Lonnaithe Thar Lear. Faoi mhí an Mhárta 2019, aisghabhadh méid na fíneála. Tá an tsuim atá le haisíoc á haisghabháil faoi láthair trí iarrataí ar chúnamh dlíthiúil frithpháirteach atá á gcur ag údaráis na hÉigipte ar dhá thríú tír.

6. Khadiga Mahmoud El Gammal

Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh cearta cosanta Khadiga El Gammal agus a ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí coiriúla ar ar bhraith an Chomhairle. Léirítear é sin go háirithe mar a leanas:

Ordú reoite

An 28 Feabhra 2011, d'eisigh an tArd-Ionchúisitheoir ordú lena gcoisctear ar Khadiga El Gammal agus ar dhaoine eile a sócmhainní agus a gcistí a dhiúscairt i gcomhréir le Airteagal 208 bis/a de Ghníomh na hÉigipte um Nósanna Imeachta Coiriúla, lena gceadaítear don Ard-Ionchúisitheoir cosc ar an gcosantóir, ar a bhean chéile agus ar a leanaí a gcuid sócmhainní a dhiúscairt i gcás ina bhfuil aon amhras ann gur fáltais neamhdhleathacha coireanna a rinne an cosantóir údar na sócmhainní sin. An 8 Márta 2011, sheas an chúirt

choiriúil inniúil leis an ordú coiscthe. De bhun dhlíthe Phoblacht Arabach na hÉigipte, tá sé de cheart ag cosantóirí agóid a dhéanamh in aghaidh rialú na cúirte ar an ordú coiscthe os comhair na cúirte céanna. Ní dhearna an Khadiga El Gammal agóid in aghaidh rialú an 8 Márta 2011.

15. Mohamed Zohir Mohamed Wahed Garrana

Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh cearta cosanta Mohamed Garrana agus a cheart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí coiriúla ar ar bhraith an Chomhairle. Léirítear é sin go háirithe mar a leanas:

Cás

Tá an t-imscrúdú maidir le míleithreasú cistí poiblí nó sócmhainní poiblí fós ag dul ar aghaidh. Níl aon léiriú aimsithe ag an gComhairle nár urramaíodh cearta cosanta Mohamed Garrana nó a cheart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil.

18. Habib Ibrahim Habib Eladli

Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh cearta cosanta Habib Eladli agus a cheart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí coiriúla ar ar bhraith an Chomhairle. Léirítear é sin go háirithe mar a leanas:

Cás

Rinne an breitheamh imscrúdaithe Habib Eladli a tharchur chuig an gcúirt trialach inniúil agus é cúisithe i míleithreasú cistí poiblí. An 7 Feabhra 2016, chinn an Chúirt gur cheart sócmhainní Habib Eladli, sócmhainní a chéile agus sócmhainní a mhic óig a reo. De bhun an chinnidh sin ón gCúirt, d'eisigh an tArd-Ionchúisitheoir ordú reoite an 10 Feabhra 2016 i gcomhréir le Airteagal 208 bis/a de Ghníomh na hÉigipte um Nósanna Imeachta Coiriúla, lena gceadaítear don Ard-Ionchúisitheoir cosc ar an gcosantóir, ar a bhean chéile agus ar a leanaí a gcuid sócmhainní a dhiúscairt i gcás ina bhfuil aon amhras ann gur fáltais neamhdhleathacha coireanna a rinne an cosantóir údar na sócmhainní sin. De bhun dhlíthe Phoblacht Arabach na hÉigipte, tá sé de cheart ag cosantóirí agóid a dhéanamh in aghaidh rialú na cúirte ar an ordú coiscthe os comhair na cúirte céanna. An 15 Aibreán 2017, chiontaigh an Chúirt sin an cosantóir. Rinne an cosantóir agóid i gcoinne an bhreithiúnais sin os comhair na Cúirte Achomhairc; neamhnigh an Chúirt sin an fíorasc an 11 Eanáir 2018 agus d'ordaigh sí atriail. Tar éis atrialach, gearradh fíneáil air an 9 Bealtaine 2019. Tá achomhairc éilithe os comhair na Cúirte Achomhairc ag an Ionchúisitheoir Poiblí agus ag Eladli araon i dtaobh an rialaithe sin. Níor tháinig an cás os comhair na Cúirte sin fós.

19. Elham Sayed Salem Sharshar

Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh cearta cosanta Sharshar agus a ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí coiriúla ar ar bhraith an Chomhairle. Léirítear é sin go háirithe mar a leanas:

Ordú reoite

Rinne an breitheamh imscrúdaithe fear céile Sharshar a tharchur chuig an gcúirt trialach inniúil agus é cúisithe i míleithreasú cistí poiblí. An 7 Feabhra 2016, chinn an Chúirt gur cheart sócmhainní Elham Sharshar, sócmhainní a céile agus sócmhainní a mic óig a reo. De bhun an chinnidh sin ón gCúirt, d'eisigh an tArd-Ionchúisitheoir ordú reoite an 10 Feabhra 2016 i gcomhréir le Airteagal 208 bis/a de Ghníomh na hÉigipte um Nósanna Imeachta Coiriúla, lena gceadaítear don Ard-Ionchúisitheoir cosc ar an gcosantóir, ar a bhean chéile agus ar a leanaí a gcuid sócmhainní a dhiúscairt i gcás ina bhfuil aon amhras ann gur fáltais neamhdhleathacha coireanna a rinne an cosantóir údar na sócmhainní sin. De bhun dhlíthe Phoblacht Arabach na hÉigipte, tá sé de cheart ag cosantóirí agóid a dhéanamh in aghaidh rialú na cúirte ar an ordú coiscthe os comhair na cúirte céanna. Ní dhearna Elham Sharshar agóid in aghaidh rialú na Cúirte.".

# CINNTÍ

## CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2020/417 ÓN GCOMHAIRLE

### an 19 Márta 2020

### lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2010/788/CBES maidir le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht Dhaonlathach an Chongó

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh 2010/788/CBES ón gComhairle an 20 Nollaig 2010 maidir le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht Dhaonlathach an Chongó agus lena n-aisghairtear Comhsheasamh 2008/369/CBES ([1]), agus go háirithe Airteagal 6 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ar an 20 Nollaig 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/788/CBES.

(2) Ar an 25 Feabhra 2020, rinne Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, arna bhunú de bhun Rún 1533 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, an fhaisnéis a nuashonrú maidir le duine amháin atá faoi réir bearta sriantacha.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear leis seo Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 19 Márta 2020.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

A. METELKO-ZGOMBIĆ

([1]) IO L 336, 21.12.2010, lch 30.

*IARSCRÍBHINN*

I gCuid (a) (Liosta na ndaoine dá dtagraítear in Airteagal 3(1)) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 16:

"**16. Ignace** MURWANASHYAKA

(*ailias*: Dr Ignace)

Teideal: Dr.

Ainmniú: Uachtarán Fhórsaí Daonlathacha na Saoirse i Ruanda (FDLR)

Seoladh: an Ghearmáin (i bpríosún)

Dáta breithe: 14 Bealtaine 1963

Áit bhreithe: a) Butera, Ruanda b) Ngoma, Butare, Ruanda

Náisiúntacht: Ruanda

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 1 Samhain 2005

Faisnéis eile: Fuair sé bás i bpríosún sa Ghearmáin an 16 Aibreán 2019. Ghabh údaráis na Gearmáine é an 17 Samhain 2009 agus fuair cúirt sa Ghearmáin ciontach é an 28 Meán Fómhair 2015 i gceannaireacht ar ghrúpa sceimhlitheoireachta iasachta agus i gcuidiú le coireanna cogaidh. Gearradh téarma príosúin 13 bliana air agus bhí sé i bpríosún sa Ghearmáin ó mhí an Mheithimh 2016 ar aghaidh. Atoghadh ina uachtarán ar FDLR é an 29 Samhain 2014 ar feadh téarma cúig bliana. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL – Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individuals.

*Faisnéis bhreise ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:*

Bhí Ignace Murwanashyaka ina uachtarán ar FDLR, agus d'imir sé tionchar ar bheartais FDLR, ceann de ghrúpaí agus mílístí armtha dá dtagraítear i mír 20 de Rún 1493 (2003), a bhí páirteach i ngáinneáil ar airm, de shárú ar an trádbhac arm. Bhíodh teagmháil teileafóin aige le ceannasaithe míleata FDLR (lena n-áirítear le linn shléacht Busurungi i mí na Bealtaine 2009); thugadh sé orduithe míleata do na hardcheannairí; bhí sé páirteach i gcomhordú an aistrithe arm agus armlóin chuig aonaid FDLR agus treoracha sonracha maidir lena n-úsáid a sheoladh ar aghaidh; agus bhainistigh sé suimeanna móra airgid a tiomsaíodh trí acmhainní nádúrtha a dhíol go haindleathach i limistéir a bhí faoi rialú FDLR. De réir Oifig Ionadaí Speisialta Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe maidir le Leanaí agus Coinbhleacht Armtha, bhí sé freagrach, ina cháil mar uachtarán agus ceannasaí míleata ar FDLR, as leanaí a earcú agus a úsáid ag FDLR in Oirthear an Chongó. Ghabh údaráis na Gearmáine é an 17 Samhain 2009 agus fuair cúirt sa Ghearmáin ciontach é an 28 Meán Fómhair 2015 i gceannaireacht ar ghrúpa sceimhlitheoireachta iasachta agus i gcuidiú le coireanna cogaidh. Gearradh téarma príosúin 13 bliana air agus bhí sé i bpríosún sa Ghearmáin ó mhí an Mheithimh 2016 ar aghaidh. Atoghadh ina uachtarán ar FDLR é an 29 Samhain 2014 ar feadh téarma cúig bliana."

# CINNEADH (CBES) 2020/418 ÓN GCOMHAIRLE

## an 19 Márta 2020

## lena leasaítear Cinneadh 2011/172/CBES maidir le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Éigipt

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 21 Márta 2011, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2011/172/CBES ([1]) maidir le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Éigipt.

(2) Ar bhonn athbhreithniú a rinneadh ar Chinneadh 2011/172/CBES, ba cheart na bearta sriantacha sin a athnuachan go dtí an 22 Márta 2021, ba cheart na hiontrálacha a bhaineann le beirt atá liostaithe i gcuid A den Iarscríbhinn a leasú, agus ba cheart an fhaisnéis a bhaineann leis na cearta chun cosanta agus leis an gceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil i gcuid B den Iarscríbhinn a thabhairt cothrom le dáta.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2011/172/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh 2011/172/CBES mar a leanas:

(1) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

"Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 22 Márta 2021.";

(2) leasaítear an Iarscríbhinn mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Márta 2020.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

A. METELKO-ZGOMBIĆ

---

([1]) Cinneadh 2011/172/CBES ón gComhairle an 21 Márta 2011 maidir le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Éigipt (IO L 76, 22.3.2011, lch. 63).

*IARSCRÍBHINN*

I gcuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/172/CBES, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontrálacha 1 agus 4:

| | | | |
|---|---|---|---|
| "1. | Mohamed Hosni Elsayed Mubarak | Iar-Uachtarán Phoblacht Arabach na hÉigipte<br>Dáta breithe: 4.5.1928<br>Fireann | Duine (básaithe) a bhfuil a ghníomhaíochtaí faoi réir imeachtaí breithiúnacha nó próiseas aisghabhála sócmhainní arna gcur i gcríoch ag údaráis na hÉigipte ag eascairt as rialú críochnaitheach cúirte i ndáil le míleithreasú cistí stáit ar bhonn Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an éillithe. |
| 4. | Heidy Mahmoud Magdy Hussein Rasekh<br>(a.k.a Heddy Mohamed Magdy Hussein Rassekh) | Céile Alaa Mohamed Elsayed Mubarak, mac iar-Uachtarán Phoblacht Arabach na hÉigipte<br>Dáta breithe: 5.10.1971<br>Baineann | Duine í atá faoi réir imeachtaí breithiúnacha nó faoi réir próiseas aisghabhála sócmhainní arna chur i gcríoch ag údaráis na hÉigipte ag eascairt as rialú críochnaitheach cúirte i ndáil le míleithreasú Cistí Stáit ar bhonn Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an éillithe, agus atá bainteach le Alaa Mohamed Hosni Elsayed Mubarak.". |

II. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad chuid B den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/172/CBES:

"B. Cearta chun cosanta agus ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil faoi dhlí na hÉigipte:

Na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil

Leanann as Airteagail 54, 97 agus 98 de Bhunreacht na hÉigipte, as Airteagail 77, 78, 124, 199, 214, 271, 272 agus 277 de Ghníomh na hÉigipte um Nósanna Imeachta Coiriúla agus as Airteagail 93 agus 94 de Ghníomh na hÉigipte um Abhcóideacht (Dlí Uimh 17 ón mbliain 1983) go ráthaítear na cearta seo a leanas faoi dhlí na hÉigipte:

— d'aon duine aonair a bhfuil drochamhras ann faoi i dtaobh chion coiriúil nó a chúisítear i gcion coiriúil:

1. an ceart chun athbhreithniú breithiúnach a fháil ar aon ghníomh nó ar aon chinneadh riaracháin;

2. an ceart chun é/í féin a chosaint i bpearsan nó trí chabhair dhlíthiúil dá rogha féin nó, mura bhfuil sé/sí acmhainn leordhóthanach aige nó aici chun íoc as cabhair dhlíthiúil, an méid sin a fháil in aisce nuair is gá sin ar mhaithe leis an gceartas;

— d'aon duine aonair a chúisítear i gcion coiriúil:

1. an ceart go n-inseofar gan mhoill dó/di, i dteanga a thuigfidh sé/sí agus go mionchruinn, cineál agus cúis an chúisimh ina choinne nó ina coinne;

2. an ceart chun a leordhóthain ama agus saoráidí a bheith aige/aici chun a chosaint nó a cosaint a ullmhú;

3. an ceart chun finnéithe ina choinne nó ina coinne a cheistiú nó a chur á gceistiú agus finnéithe thar a cheann nó a ceann a thabhairt i láthair agus a cheistiú faoi na coinníollacha céanna a bhainfidh le finnéithe ina choinne nó ina coinne;

4. an ceart chun cabhair ateangaire a fháil in aisce mura féidir leis/léi an teanga a úsáidtear sa chúirt a thuiscint nó a labhairt.

Cur i bhfeidhm na gceart chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil

1. Mohamed Hosni Elsayed Mubarak

Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh cearta cosanta Mohamed Hosni Elsayed Mubarak agus a cheart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí coiriúla ar ar bhraith an Chomhairle. Léirítear é sin go háirithe mar a leanas:

Cás

An 27 Meitheamh 2013, cúisíodh an tUasal Mubarak, agus beirt eile in éineacht leis, i míleithreasú cistí poiblí agus cuireadh tús leis an gcaingean dlí i gCúirt Choiriúil Chaireo an 17 Samhain 2013. An 21 Bealtaine 2014, chiontaigh an Chúirt sin an triúr cosantóirí. Rinne na cosantóirí agóid i gcoinne an bhreithiúnais sin os comhair na Cúirte Achomhairc. An 13 Eanáir 2015, neamhnigh an Chúirt Achomhairc an fíorasc agus d'ordaigh atriail. Agus an atriail ar siúl, an 4 agus an 29 Aibreán 2015, tíolacadh pléadálacha ó bhéal agus i scríbhinn ó na páirtithe. An 9 Bealtaine 2015, chiontaigh Cúirt Choiriúil Chaireo na cosantóirí, d'ordaigh go dtabharfaí na cistí míleithreasaithe ar ais agus d'ordaigh go n-íocfaí fíneáil. An 24 Bealtaine 2015, taisceadh achomharc sa Chúirt Achomhairc. An 9 Eanáir 2016, sheas an Chúirt Achomhairc leis na ciontuithe. An 8 Márta 2016, tháinig na cosantóirí ar réiteach i dtionól an Choiste Saineolaithe a bunaíodh le Foraithne Uimh. 2873 na bliana 2015 ón bPríomh-Aire. D'fhormheas Oifig na nAirí an socrú sin an 9 Márta 2016. Níor chuir an tArd-Ionchúisitheoir an socrú sin faoi bhráid na Cúirte Achomhairc le haghaidh formheasa deiridh toisc nárbh é an Coiste Saineolaithe an coiste inniúil. Tá sé de rogha ag na cosantóirí iarraidh ar shocraíocht a chur faoi bhráid an choiste inniúil, an Choiste Náisiúnta um Aisghabháil Sócmhainní Lonnaithe Thar Lear. I mí an Mhárta 2019, aisghabhadh méid na fíneála. Tá an tsuim atá le haisíoc á haisghabháil faoi láthair trí iarrataí ar chúnamh dlíthiúil frithpháirteach atá á gcur ag údaráis na hÉigipte ar dhá thríú tír.

2. Suzanne Saleh Thabet

Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh cearta cosanta Thabet agus a ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí coiriúla ar ar bhraith an Chomhairle. Léirítear é sin go háirithe mar a leanas:

Ordú reoite

An 28 Feabhra 2011, d'eisigh an tArd-Ionchúisitheoir ordú lena gcoisctear ar Thabet agus ar dhaoine eile a sócmhainní agus a gcistí a dhiúscairt i gcomhréir le Airteagal 208 bis/a de Ghníomh na hÉigipte um Nósanna Imeachta Coiriúla, lena gceadaítear don Ard-Ionchúisitheoir cosc ar an gcosantóir, ar a bhean chéile agus ar a leanaí a gcuid sócmhainní a dhiúscairt i gcás ina bhfuil aon amhras ann gur fáltais neamhdhleathacha coireanna a rinne an cosantóir údar na sócmhainní sin. An 8 Márta 2011, sheas an Chúirt choiriúil inniúil leis

an ordú coiscthe. De bhun dhlíthe Phoblacht Arabach na hÉigipte, tá sé de cheart ag cosantóirí agóid a dhéanamh in aghaidh rialú na cúirte ar an ordú coiscthe os comhair na cúirte céanna. Ní dhearna Thabet agóid in aghaidh rialú an 8 Márta 2011.

3. Alaa Mohamed Hosni Elsayed Mubarak

Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh cearta cosanta Alaa Mubarak agus a cheart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí coiriúla ar ar bhraith an Chomhairle. Léirítear é sin go háirithe mar a leanas:

Ordú reoite

An 28 Feabhra 2011, d'eisigh an tArd-Ionchúisitheoir ordú lena gcoisctear ar Alaa Mohamed Hosni Elsayed Mubarak agus ar dhaoine eile a sócmhainní agus a gcistí a dhiúscairt i gcomhréir le Airteagal 208 bis/a de Ghníomh na hÉigipte um Nósanna Imeachta Coiriúla, lena gceadaítear don Ard-Ionchúisitheoir cosc ar an gcosantóir, ar a bhean chéile agus ar a leanaí a gcuid sócmhainní a dhiúscairt i gcás ina bhfuil aon amhras ann gur fáltais neamhdhleathacha coireanna a rinne an cosantóir údar na sócmhainní sin. An 8 Márta 2011, sheas an Chúirt Choiriúil inniúil leis an ordú coiscthe. De bhun dhlíthe Phoblacht Arabach na hÉigipte, tá sé de cheart ag cosantóirí agóid a dhéanamh in aghaidh rialú na cúirte ar an ordú coiscthe os comhair na cúirte céanna. Ní dhearna Alaa Mubarak agóid in aghaidh rialú an 8 Márta 2011.

An chéad chás

Tarchuireadh an cosantóir, in éineacht le duine eile, chuig an gcúirt trialach (Cúirt Choiriúil Chaireo) an 30 Bealtaine 2012. Chuir an Chúirt sin an cás ar ais chuig an ionchúisitheoir poiblí an 6 Meitheamh 2013 go ndéanfaí tuilleadh imscrúduithe. Tar éis na himscrúduithe a thabhairt chun críche, tarchuireadh an cás chuig an gCúirt sin arís. Thug Cúirt Choiriúil Chaireo breithiúnas uaithi an 15 Meán Fómhair 2018 lena ndearna sí an méid seo a leanas: (i) d'iarr sí ar an gcoiste saineolaithe a bhí ceaptha aici tuarascáil saineolaithe a bhí curtha faoi bhráid na cúirte aici i mí Iúil 2018 a chomhlánú; (ii) d'ordaigh sí go ngabhfaí na cosantóirí; agus (iii) d'iarr sí go dtarchuirfí na cosantóirí chuig an gCoiste Náisiúnta um Aisghabháil Sócmhainní Thar Lear chun go bhféadfaí teacht ar réiteach. Rinne na cosantóirí agóid i gcoinne an ordaithe gabhála, agóid ar éirigh léi, agus, mar thoradh ar rún scaoilte an phainéil bhreithiúnaigh, tarchuireadh an cás chuig cúirt chuarda choiriúil eile le go n_athbhreithneofaí na tuillteanais, agus éigiontaíodh é an 22 Feabhra 2020. Ní rialú deiridh é sin agus féadfaidh an tIonchúisitheoir Poiblí achomharc a éileamh.

An dara cás

An 27 Meitheamh 2013, cúisíodh Alaa Mubarak, agus beirt eile in éineacht leis, i míleithreasú cistí poiblí agus cuireadh tús leis an gcaingean dlí i gCúirt Choiriúil Chaireo an 17 Samhain 2013. An 21 Bealtaine 2014, chiontaigh an Chúirt sin an triúr cosantóirí. Rinne na cosantóirí agóid i gcoinne an bhreithiúnais sin os comhair na Cúirte Achomhairc. An 13 Eanáir 2015, neamhnigh an Chúirt Achomhairc an fíorasc agus d'ordaigh atriail. Agus an atriail ar siúl, an 4 agus an 29 Aibreán 2015, tíolacadh pléadálacha ó bhéal agus i scríbhinn ó na páirtithe. An 9 Bealtaine 2015, chiontaigh Cúirt Choiriúil Chaireo na cosantóirí, d'ordaigh go dtabharfaí na cistí míleithreasaithe ar ais agus d'ordaigh go n-íocfaí fíneáil. An 24 Bealtaine 2015, taisceadh achomharc sa Chúirt Achomhairc. An 9 Eanáir 2016, sheas an Chúirt Achomhairc leis na ciontuithe. An 8 Márta 2016, tháinig na cosantóirí ar réiteach i dtionól an Choiste Saineolaithe a bunaíodh le Foraithne Uimh. 2873 na bliana 2015 ón bPríomh-Aire. D'fhormheas Oifig na nAirí an socrú sin an 9 Márta 2016. Níor chuir an tArd-Ionchúisitheoir an socrú sin faoi bhráid na Cúirte Achomhairc le haghaidh formheasa deiridh toisc nárbh é an Coiste Saineolaithe an coiste inniúil. Tá sé de rogha ag na cosantóirí iarraidh ar shocraíocht a chur faoi bhráid an choiste inniúil, an Choiste Náisiúnta um Aisghabháil Sócmhainní Lonnaithe Thar Lear. I mí an Mhárta 2019, aisghabhadh méid na fíneála. Tá an tsuim atá le haisíoc á haisghabháil faoi láthair trí iarrataí ar chúnamh dlíthiúil frithpháirteach atá á gcur ag údaráis na hÉigipte ar dhá thríú tír.

4. Heidy Mahmoud Magdy Hussein Rasekh

Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh cearta cosanta Heidy Rasekh agus a ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí coiriúla ar ar bhraith an Chomhairle. Léirítear é sin go háirithe mar a leanas:

Ordú reoite

An 28 Feabhra 2011, d'eisigh an tArd-Ionchúisitheoir ordú lena gcoisctear ar Rasekh agus ar dhaoine eile a sócmhainní agus a gcistí a dhiúscairt i gcomhréir le Airteagal 208 bis/a de Ghníomh na hÉigipte um Nósanna Imeachta Coiriúla, lena gceadaítear don Ard-Ionchúisitheoir cosc ar an gcosantóir, ar a céile agus ar a leanaí a gcuid sócmhainní a dhiúscairt i gcás ina bhfuil aon amhras ann gur fáltais neamhdhleathacha coireanna a rinne an cosantóir údar na sócmhainní sin. An 8 Márta 2011, sheas an Chúirt Choiriúil inniúil leis an ordú coiscthe. De bhun dhlíthe Phoblacht Arabach na hÉigipte, tá sé de cheart ag cosantóirí agóid a dhéanamh in aghaidh rialú na cúirte ar an ordú coiscthe os comhair na cúirte céanna. Ní dhearna Rasekh agóid in aghaidh rialú an 8 Márta 2011.

5. Gamal Mohamed Hosni Elsayed Mubarak

Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh cearta cosanta Gamal Mubarak agus a cheart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí coiriúla ar ar bhraith an Chomhairle. Léirítear é sin go háirithe mar a leanas:

Ordú reoite

An 28 Feabhra 2011, d'eisigh an tArd-Ionchúisitheoir ordú lena gcoisctear ar Gamal Mubarak agus ar dhaoine eile a sócmhainní agus a gcistí a dhiúscairt i gcomhréir le Airteagal 208 bis/a de Ghníomh na hÉigipte um Nósanna Imeachta Coiriúla, lena gceadaítear don Ard-Ionchúisitheoir cosc ar an gcosantóir, ar a bhean chéile agus ar a leanaí a gcuid sócmhainní a dhiúscairt i gcás ina bhfuil aon amhras ann gur fáltais neamhdhleathacha coireanna a rinne an cosantóir údar na sócmhainní sin. An 8 Márta 2011, sheas an Chúirt choiriúil inniúil leis an ordú coiscthe. De bhun dhlíthe Phoblacht Arabach na hÉigipte, tá sé de cheart ag cosantóirí agóid a dhéanamh in aghaidh rialú na cúirte ar an ordú coiscthe os comhair na cúirte céanna. Ní dhearna Gamal Mubarak agóid in aghaidh rialú an 8 Márta 2011.

An chéad chás

Tarchuireadh Gamal Mubarak, in éineacht le duine eile, chuig an chúirt trialach (Cúirt Choiriúil Chaireo) an 30 Bealtaine 2012. Chuir an Chúirt an cás ar ais chuig an ionchúisitheoir poiblí an 6 Meitheamh 2013 le go ndéanfaí tuilleadh imscrúduithe. Tar éis na himscrúduithe a thabhairt chun críche, tarchuireadh an cás chuig an gcúirt arís. Thug Cúirt Choiriúil Chaireo breithiúnas uaithi an 15 Meán Fómhair 2018; lena ndearna sí an méid seo a leanas: (i) d'iarr sí ar an gcoiste saineolaithe a bhí ceaptha aici tuarascáil saineolaithe, a bhí curtha faoi bhráid na cúirte aici i mí Iúil 2018, a chomhlánú; (ii) d'ordaigh sí go ngabhfaí na cosantóirí; agus (iii) d'iarr sí go dtarchuirfí na cosantóirí chuig an gCoiste Náisiúnta um Aisghabháil Sócmhainní Thar Lear chun go bhféadfaí teacht ar réiteach. Rinne na cosantóirí agóid i gcoinne an ordaithe gabhála, agóid ar éirigh léi, agus, mar thoradh ar rún scaoilte an phainéil bhreithiúnaigh, tarchuireadh an cás chuig cúirt chuarda choiriúil eile le go n_athbhreithneofaí na tuillteanais, agus éigiontaíodh é an 22 Feabhra 2020. Ní rialú deiridh é sin agus féadfaidh an tIonchúisitheoir Poiblí achomharc a éileamh.

An dara cás

An 27 Meitheamh 2013, cúisíodh Gamal Mubarak, agus beirt eile in éineacht leis, i míleithreasú cistí poiblí agus cuireadh tús leis an gcaingean dlí i gCúirt Choiriúil Chaireo an 17 Samhain 2013. An 21 Bealtaine 2014, chiontaigh an Chúirt sin an triúr cosantóirí. Rinne na cosantóirí agóid i gcoinne an bhreithiúnais sin os comhair na Cúirte Achomhairc. An 13 Eanáir 2015, neamhnigh an Chúirt Achomhairc an fíorasc agus d'ordaigh atriail. Agus an atriail ar siúl, an 4 agus an 29 Aibreán 2015, tíolacadh pléadálacha ó bhéal agus i scríbhinn ó na páirtithe. An 9 Bealtaine 2015, chiontaigh Cúirt Choiriúil Chaireo na cosantóirí, d'ordaigh go dtabharfaí na cistí míleithreasaithe ar ais agus d'ordaigh go n-íocfaí fíneáil. An 24 Bealtaine 2015, taisceadh achomharc sa Chúirt Achomhairc. An 9 Eanáir 2016, sheas an Chúirt Achomhairc leis na ciontuithe. An 8 Márta 2016, tháinig na cosantóirí ar réiteach i dtionól an Choiste Saineolaithe a bunaíodh le Foraithne

Uimh. 2873 na bliana 2015 ón bPríomh-Aire. D'fhormheas Oifig na nAirí an socrú sin an 9 Márta 2016. Níor chuir an tArd-Ionchúisitheoir an socrú sin faoi bhráid na Cúirte Achomhairc le haghaidh formheasa deiridh toisc nárbh é an Coiste Saineolaithe an coiste inniúil. Tá sé de rogha ag na cosantóirí iarraidh ar shocraíocht a chur faoi bhráid an choiste inniúil, an Choiste Náisiúnta um Aisghabháil Sócmhainní Lonnaithe Thar Lear. Faoi mhí an Mhárta 2019, aisghabhadh méid na fíneála. Tá an tsuim atá le haisíoc á haisghabháil faoi láthair trí iarrataí ar chúnamh dlíthiúil frithpháirteach atá á gcur ag údaráis na hÉigipte ar dhá thríú tír.

6. Khadiga Mahmoud El Gammal

Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh cearta cosanta Khadiga El Gammal agus a ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí coiriúla ar ar bhraith an Chomhairle. Léirítear é sin go háirithe mar a leanas:

Ordú reoite

An 28 Feabhra 2011, d'eisigh an tArd-Ionchúisitheoir ordú lena gcoisctear ar Khadiga El Gammal agus ar dhaoine eile a sócmhainní agus a gcistí a dhiúscairt i gcomhréir le Airteagal 208 bis/a de Ghníomh na hÉigipte um Nósanna Imeachta Coiriúla, lena gceadaítear don Ard-Ionchúisitheoir cosc ar an gcosantóir, ar a bhean chéile agus ar a leanaí a gcuid sócmhainní a dhiúscairt i gcás ina bhfuil aon amhras ann gur fáltais neamhdhleathacha coireanna a rinne an cosantóir údar na sócmhainní sin. An 8 Márta 2011, sheas an chúirt choiriúil inniúil leis an ordú coiscthe. De bhun dhlíthe Phoblacht Arabach na hÉigipte, tá sé de cheart ag cosantóirí agóid a dhéanamh in aghaidh rialú na cúirte ar an ordú coiscthe os comhair na cúirte céanna. Ní dhearna an Khadiga El Gammal agóid in aghaidh rialú an 8 Márta 2011.

15. Mohamed Zohir Mohamed Wahed Garrana

Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh cearta cosanta Mohamed Garrana agus a cheart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí coiriúla ar ar bhraith an Chomhairle. Léirítear é sin go háirithe mar a leanas:

Cás

Tá an t-imscrúdú maidir le míleithreasú cistí poiblí nó sócmhainní poiblí fós ag dul ar aghaidh. Níl aon léiriú aimsithe ag an gComhairle nár urramaíodh cearta cosanta Mohamed Garrana nó a cheart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil.

18. Habib Ibrahim Habib Eladli

Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh cearta cosanta Habib Eladli agus a cheart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí coiriúla ar ar bhraith an Chomhairle. Léirítear é sin go háirithe mar a leanas:

Cás

Rinne an breitheamh imscrúdaithe Habib Eladli a tharchur chuig an gcúirt trialach inniúil agus é cúisithe i míleithreasú cistí poiblí. An 7 Feabhra 2016, chinn an Chúirt gur cheart sócmhainní Habib Eladli, sócmhainní a chéile agus sócmhainní a mhic óig a reo. De bhun an chinnidh sin ón gCúirt, d'eisigh an tArd-Ionchúisitheoir ordú reoite an 10 Feabhra 2016 i gcomhréir le Airteagal 208 bis/a de Ghníomh na hÉigipte um Nósanna Imeachta Coiriúla, lena gceadaítear don Ard-Ionchúisitheoir cosc ar an gcosantóir, ar a bhean chéile agus ar a leanaí a gcuid sócmhainní a dhiúscairt i gcás ina bhfuil aon amhras ann gur fáltais neamhdhleathacha coireanna a rinne an cosantóir údar na sócmhainní sin. De bhun dhlíthe Phoblacht Arabach na hÉigipte, tá sé de cheart ag cosantóirí agóid a dhéanamh in aghaidh rialú na cúirte ar an ordú coiscthe os comhair na cúirte céanna. An 15 Aibreán 2017, chiontaigh an Chúirt sin an cosantóir. Rinne an cosantóir agóid i gcoinne an bhreithiúnais sin os comhair na Cúirte Achomhairc; neamhnigh an Chúirt sin an fíorasc an 11 Eanáir 2018 agus d'ordaigh sí atriail. Tar éis atrialach, gearradh fíneáil air an 9 Bealtaine 2019. Tá achomhairc éilithe os comhair na Cúirte Achomhairc ag an Ionchúisitheoir Poiblí agus ag Eladli araon i dtaobh an rialaithe sin. Níor tháinig an cás os comhair na Cúirte sin fós.

19. Elham Sayed Salem Sharshar

Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh cearta cosanta Sharshar agus a ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí coiriúla ar ar bhraith an Chomhairle. Léirítear é sin go háirithe mar a leanas:

Ordú reoite

Rinne an breitheamh imscrúdaithe fear céile Sharshar a tharchur chuig an gcúirt trialach inniúil agus é cúisithe i míleithreasú cistí poiblí. An 7 Feabhra 2016, chinn an Chúirt gur cheart sócmhainní Elham Sharshar, sócmhainní a céile agus sócmhainní a mic óig a reo. De bhun an chinnidh sin ón gCúirt, d'eisigh an tArd-Ionchúisitheoir ordú reoite an 10 Feabhra 2016 i gcomhréir le Airteagal 208 bis/a de Ghníomh na hÉigipte um Nósanna Imeachta Coiriúla, lena gceadaítear don Ard-Ionchúisitheoir cosc ar an gcosantóir, ar a bhean chéile agus ar a leanaí a gcuid sócmhainní a dhiúscairt i gcás ina bhfuil aon amhras ann gur fáltais neamhdhleathacha coireanna a rinne an cosantóir údar na sócmhainní sin. De bhun dhlíthe Phoblacht Arabach na hÉigipte, tá sé de cheart ag cosantóirí agóid a dhéanamh in aghaidh rialú na cúirte ar an ordú coiscthe os comhair na cúirte céanna. Ní dhearna Elham Sharshar agóid in aghaidh rialú na Cúirte.".

# CEARTÚCHÁN

**Ceartúchán ar Threoir (AE) 2019/771 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le conarthaí i ndáil le díolacháin earraí, lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2394 agus Treoir 2009/22/CE, agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/44/CE**

*(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 136 Eagrán Speisialta Gaeilge an 22 Bealtaine 2019)*

Ar leathanach 42, Airteagal 7, mír 4, an chéad abairt:

*in ionad:* "4. I gcás ina mainneoidh an tomhaltóir nuashonraithe a soláthraíodh i gcomhréir le mír 3 a shuiteáil laistigh de thréimhse réasúnta ama, ní bheidh an díoltóir faoi dhliteanas maidir le haon easpa comhréireachta a thiocfaidh as easpa an nuashonraithe ábhartha agus as é sin amháin, ar choinníoll:",

*léitear:* "4. I gcás ina mainneoidh an tomhaltóir nuashonruithe a soláthraíodh i gcomhréir le mír 3 a shuiteáil laistigh de thréimhse réasúnta ama, ní bheidh an díoltóir faoi dhliteanas maidir le haon easpa comhréireachta a thiocfaidh as easpa an nuashonraithe ábhartha agus as an méid sin amháin, ar choinníoll:".

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

**Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh**
2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA